Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Aibreán 2025**
**(OR. en)**

**8259/25**
**ADD 3**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0096(COD)**

**TRANS 146**
**CODEC 473**
**IA 31**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 24 Aibreán 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 179 final - ANNEX 3 |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann le<br>TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis na doiciméid chlárúcháin le haghaidh feithiclí agus sonraí clárúcháin feithiclí arna dtaifeadadh i gcláir náisiúnta feithiclí agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/37/CE ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 179 final - ANNEX 3.

---

Faoi iamh: COM(2025) 179 final - ANNEX 3

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.4.2025
COM(2025) 179 final

ANNEX 3

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann le**

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis na doiciméid chlárúcháin le haghaidh feithiclí agus sonraí clárúcháin feithiclí arna dtaifeadadh i gcláir náisiúnta feithiclí agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/37/CE ón gComhairle**

{SEC(2025) 119 final} - {SWD(2025) 96 final} - {SWD(2025) 97 final} -
{SWD(2025) 98 final} - {SWD(2025) 99 final}

## Iarscríbhinn III

## Sonraíochtaí maidir leis an Deimhniú Clárúcháin Móibíleach

1. Comhlíonfaidh na deimhnithe clárúcháin móibíleacha agus córais ábhartha eile [caighdeán ISO/IEC AWI TS 7367 maidir le deimhnithe clárúcháin móibíleacha agus Rialachán (AE) 910/2014.

2. Ceadóidh na Ballstáit do shealbhóir an deimhnithe chlárúcháin deimhniú clárúcháin móibíleach a aisghabháil ina dTiachóg Eorpach Céannachta Digití.

   Leis an Tiachóg Eorpach Céannachta Digití ina bhfuil an deimhniú clárúcháin móibíleach, ceadófar go huathoibríoch nó arna iarraidh sin an deimhniú clárúcháin móibíleach a thabhairt cothrom le dáta nó a atheisiúint.

   Leis an Tiachóg Eorpach Céannachta Digití, ceadófar do shealbhóir an deimhnithe chlárúcháin na sonraí uile atá sa deimhniú clárúcháin móibíleach nó cuid díobh a thaispeáint nó a tharchur chuig tríú páirtí. Údarófar d'údaráis inniúla na mBallstát na sonraí atá sna deimhnithe clárúcháin móibíleacha a iarraidh ó na Tiachóga Eorpacha Céannachta Digití.

   Leis an bhfaisnéis a tharchuirfear go díreach ó ríomhdhearbhú an deimhnithe clárúcháin mhóibíligh atá stóráilte sa Tiachóg Eorpach Céannachta Digití , beidh na húdaráis inniúla in ann údarú na feithicle atá le húsáid i dtrácht ar bhóithre a fhíorú i bhfíor-am (fíorú), lena n-áirítear aon srianta is infheidhme san Aontas nó i gcríoch Ballstáit.